

AN FIACH DUBH

Tá aill i nGlionnán an taobh thuas de Dubh-Litir. Tá an aill árd agus an-domhain fúithe. I lár na haille bhíodh nead ag an bhfiach dubh i riocht is nach bhféadfadh aon duine dul có fada leis. Leigeadh fear síos leis an aill ar rópa go dtug sé leis na huibheacha. Thug sé abhaile iad agus bhruith sé iad. Chuir sé ar ais sa nead arís iad. Nuair a bhí sé cinnte ar an bhfiach dubh na héanacha a leigint amach gabh sé (an fiach dubh) agus fuair sé cloch na mbuadh an taobh thuaidh d'ifreann agus chuir sé an chloch sa nead in éinfeacht leis na huibheacha agus nuair a tháinig an t-am tháinig na héanacha óga amach tar éis iad a bheith bruite. Chuaigh an fear seo síos an aill arís. Bhí na fiacha dubha imthighthe agus bhí cloch na mbuadh fágtha ina indiaidh sa nead. Fuair an fear seo an chloch agus thug sé leis í agus bhí chuile bhuadh aige nuair a bhí an chloch aige.